**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0173/2024**

9.4.2024

# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh EGF/2024/000 TA 2024 - Cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún
(COM(2024)0084 – C9-0042/2024 – 2024/0003(BUD))

An Coiste um Buiséid

Rapóirtéir: Margarida Marques

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

IARSCRÍBHINN: CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE.........................................................................................................................6

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ...........................................................................................................8

IARSCRÍBHINN: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT ..................................................................................................................10

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....................................11

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........12

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh EGF/2024/000 TA 2024 - Cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún (COM(2024)0084 – C9 0042/2024 – 2024/0003(BUD))**

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2024)0084 – C9-0042/2024),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) d'Oibrithe Iomarcacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[1] ('Rialachán CED'),

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027[2] arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765[3], agus go háirithe Airteagal 8 de,

– ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[4], agus go háirithe pointe 9 de,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0173/2024),

A. de bhrí gur bhunaigh an tAontas ionstraimí reachtacha agus buiséadacha chun tacaíocht bhreise a sholáthar d'oibrithe a bhfuil an domhandú agus athruithe teicneolaíochta agus comhshaoil tar éis difear a dhéanamh dóibh, amhail athruithe ar phatrúin trádála domhanda, díospóidí trádála, athruithe suntasacha ar chaidreamh trádála an Aontais nó comhdhéanamh an mhargaidh inmheánaigh agus géarchéimeanna airgeadais nó eacnamaíocha, agus an t-aistriú ionsar gheilleagar ísealcharbóin, nó mar thoradh ar an digitiú nó ar an uathoibriú;

B. de bhrí gur cheart cúnamh an Aontais d'oibrithe iomarcacha a dhíriú go príomha ar bhearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair agus ar sheirbhísí pearsantaithe arb é is aidhm leo tairbhithe a ath-imeascadh go mear i bhfostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe, agus iad a ullmhú do gheilleagar Eorpach níos glaise agus níos digití, ag féachaint go cuí do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 i dtaca

[1] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.
[2] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
[3] ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L, 2024/765, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj).
[4] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.

le cinntí a ghlacadh chun an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d’Oibrithe Iomarcacha (CED) a shlógadh;

C. de bhrí gur leathnaigh an tAontas raon feidhme CED ar dtús chun tacaíocht airgeadais a sholáthar i gcás aon mhórtheagmhais athstruchtúraithe, agus, ar an gcaoi sin, chun éifeachtaí eacnamaíocha ghéarchéim COVID-19 a chumhdach;

D. de bhrí go leathnaíodh raon feidhme CED a thuilleadh le glacadh Rialachán CED nua in 2021 chuig mórtheagmhais athstruchtúraithe a tharla mar thoradh ar an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin nó mar thoradh ar an digitiú nó ar an uathoibriú, agus ag an am céanna an tairseach is gá do ghníomhachtú CED a laghdú ó 500 oibrí iomarcach go dtí 200;

E. de bhrí go laghdaíonn an t-athbhreithniú CAI an t-uasmhéid bliantúil CED ó EUR 186 milliún go EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán ón gComhairle (AE Euratom) 2020/2093 arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765; de bhrí gur cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme CED agus gur cheart do na hinstitiúidí uile aon bhearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú gur féidir gach iarraidh ar thacaíocht CED a bhfuil údar cuí léi a chomhlíonadh mar léiriú ar dhlúthpháirtíocht an Aontais;

F. de bhrí go bhforáiltear in Airteagal 11(1) de Rialachán CED gur féidir 0,5 % den mhéid sin a chur ar fáil le haghaidh cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún.

G. de bhrí go bhféadfadh caiteachas teicniúil agus riaracháin a bheith i gceist le cúnamh teicniúil do chur chun feidhme CED, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, mar aon le bailiú sonraí, lena n-áirítear i dtaca le córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha, gníomhaíochtaí cumarsáide agus na gníomhaíochtaí sin a chuireann le infheictheacht CED ina cháil mar chiste nó maidir le tionscadail shonracha agus bearta cúnaimh theicniúil eile;

H. de bhrí gurb ionann an méid atá beartaithe de EUR 165 000 agus thart ar 0,49 % den bhuiséad bliantúil uasta atá ar fáil le haghaidh CED in 2024;

1. ag aontú le EUR 165 000 a shlógadh agus leis na bearta arna mholadh ag an gCoimisiún le bheith maoinithe mar chúnamh teicniúil i gcomhréir le hAirteagal 11(1) agus (4) chomh maith le hAirteagal 12(2), (3) agus (4) de Rialachán CED;

2. á chur in iúl gur geal léi an obair leanúnach ar nósanna imeachta caighdeánacha le haghaidh iarratais CED agus le haghaidh bhainistíocht CED ag úsáid na feidhmeanna a bhaineann leis an gcóras um malartú sonraí leictreonacha (an Comhchóras um Bainistíocht Cistí Comhroinnte - SFC), lenar féidir próiseáil na n-iarratas a éascú agus a dhéanamh níos tapúla, agus tuairisciú níos fearr;

3. ag tabhairt dá haire go n-úsáidfidh an Coimisiún an buiséad atá ar fáil faoin tacaíocht riaracháin chun cruinnithe a thionól de Shainghrúpa Daoine Teagmhála CED (beirt chomhaltaí ó gach Ballstát) agus seimineár amháin le rannpháirtíocht na gcomhlachtaí cur chun feidhme CED agus na gcomhpháirtithe sóisialta chun líonrú i measc Ballstát a chur chun cinn; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de chuireadh a thabhairt go córasach don Pharlaimint go dtí na cruinnithe agus na seimineáir seo, i gcomhréir le

forálacha ábhartha an Chreat-Chomhaontaithe maidir leis an gcaidreamh idir an Pharlaimint agus an Coimisiún.

4. á iarraidh ar an gCoimisiún na dea-chleachtais a forbraíodh le linn thréimhse phaindéim COVID-19 a oiriúnú, go háirithe bearta a d'fhéadfadh cabhrú le dlús a chur le haistriú cuimsitheach glas agus digiteach agus tacú le príomhthosaíochtaí an Aontais, amhail comhionannas inscne;

5. á chur i bhfios gur gá feasacht ghinearálta agus infheictheacht CED a neartú tuilleadh; á chur i bhfios gur féidir an sprioc sin a bhaint amach trí CED a chumhdach i bhfoilseacháin éagsúla de chuid an Choimisiúin agus gníomhaíochtaí closamhairc éagsúla de chuid an Choimisiúin dá bhforáiltear in Airteagal 11(1) de Rialachán CED; á chur in iúl gur geal léi, sa chomhthéacs sin, suíomh gréasáin tiomnaithe a bheith curtha ar bun le haghaidh CED agus á iarraidh ar an gCoimisiún é a nuashonrú agus a leathnú go rialta, chun infheictheacht dlúthpháirtíochta Eorpaí a léiríonn CED don phobal i gcoitinne agus trédhearcacht ghníomhaíocht an Aontais a mhéadú;

6. á mheabhrú do na Ballstáit is iarratasóirí go bhfuil ról lárnach acu i bhfógraíocht a dhéanamh go forleathan faoi na gníomhaíochtaí arna gcistiú ag CED do na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu, do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, do na comhpháirtithe sóisialta, do na meáin agus don phobal i gcoitinne, mar a leagtar amach in Airteagal 12 de Rialachán CED;

7. á fhormheas an cinneadh a ghabhann leis an rún seo;

8. á threorú dá hUachtarán an cinneadh a shíniú in éineacht le hUachtarán na Comhairle agus a shocrú go ndéanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;

9. á threorú dá hUachtarán an rún seo, mar aon leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## IARSCRÍBHINN: CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh (EGF/2024/000 TA 2024 - Cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[1], agus go háirithe Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, de,

ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[2], agus go háirithe pointe 9 de,

ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

de bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas trí thacaíocht a thabhairt d'oibrithe ar cuireadh ar iomarcaíocht iad agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i gcás mórtheagmhais athstruchtúraithe, agus cúnamh a thabhairt dóibh filleadh ar fhostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a luaithe is féidir.

(2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 30 milliún (praghsanna 2018) mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093ón gComhairle[3].

(3) Foráiltear le Rialachán (AE) 2021/691 go bhféadfar uasmhéid 0,5 % d'uasmhéid bliantúil CED a úsáid gach bliain le haghaidh cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún.

(4) Tá an cúnamh sin riachtanach chun oibleagáidí maidir le cur chun feidhme CED a chomhlíonadh, oibleagáidí a fhorchuirtear le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/691, go háirithe maidir le faireachán agus bailiú sonraí chomh maith le gníomhaíochtaí cumarsáide agus na gníomhaíochtaí sin lena bhfeabhsaítear infheictheacht CED.

1 IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.
2 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 29.
3 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

(5) Ba cheart CED a shlógadh, dá bhrí sin, chun méid EUR 165 000 a sholáthar le haghaidh cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2024, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh chun méid EUR 165 000 a sholáthar ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochta.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*<br>*An tUachtarán* | *Thar ceann na Comhairle*<br>*An tUachtarán* |

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

### I. Cúlra

Cruthaíodh an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú chun tuilleadh cúnaimh a thabhairt d'oibrithe a ndearna mórathruithe struchtúracha ar phatrúin na trádála domhanda difear dóibh.

De réir fhorálacha Airteagal 8(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle, lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027[4], arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 an 29 Feabhra 2024[5]ón gComhairle, ní rachaidh an Ciste thar uasmhéid bliantúil de EUR 30 milliún (praghsanna 2018).

I gcomhréir le pointe 9 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020, tar éis measúnú dearfach ar iarratas, ceanglaítear ar an gCoimisiún togra a chur faoi bhráid an údaráis bhuiséadaigh maidir leis an gCiste a shlógadh agus é a chomhlánú le hiarraidh chomhfhreagrach ar aistriú chuig na línte buiséid ábhartha.

### II. An togra ón gCoimisiún

An 29 Feabhra 2024, ghlac an Coimisiún togra nua le haghaidh cinneadh maidir le CED a shlógadh.

Baineann sé le EUR 165 000 ón gCiste a shlógadh, chun cúnamh teicniúil ón gCoimisiún a chlúdach. Is é cuspóir an chúnaimh theicniúil caiteachas teicniúil agus riaracháin a mhaoiniú do chur chun feidhme CED, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta, chomh maith le bailiú sonraí, lena n-áirítear i ndáil le córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha, gníomhaíochtaí cumarsáide agus iad siúd a chuireann le hinfheictheacht CED mar chiste nó maidir le tionscadail shonracha agus bearta cúnaimh theicniúil eile. De réir Airteagal 11(1) den Rialachán maidir le CED, féadfar uasmhéid 0.5 % d'uasmhéid bliantúil CED a chur ar fáil le haghaidh cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún.

Léiríonn an méid iarrtha EUR 165 000 thart ar 0.49% den uasmhéid bliantúil CED agus tá sé beartaithe na gníomhaíochtaí seo a leanas a chlúdach:

1. Cruinnithe an tSainghrúpa: Beidh a chruinniú rialta á thionól ag Sainghrúpa Daoine Teagmhála CED in 2024, le beirt chomhaltaí i láthair ó gach Ballstát (cruinniú fíorúil amháin agus cruinniú amháin i láthair). Ba cheart cuireadh a thabhairt do PE freastal ar na cruinnithe i gcomhréir leis an gcreat reachtach reatha.
2. Seimineáir líonrúcháin: Ina theannta sin, chun líonrú a chur chun cinn i measc na mBallstát, eagróidh an Coimisiún seimineár amháin le rannpháirtíocht chomhlachtaí cur chun feidhme CED agus na gcomhpháirtithe sóisialta. Ba cheart cuireadh a thabhairt do PE freastal ar na cruinnithe i gcomhréir leis an gcreat reachtach reatha.
3. Córas um malartú sonraí leictreonacha: Tá an Coimisiún ag leanúint dá chuid oibre ar nósanna imeachta caighdeánaithe maidir le hiarratais ar CED agus bainistíocht cásanna CED, agus úsáid á baint aige as feidhmiúlachtaí an Chomhchórais um Bainistíocht Cistí Comhroinnte (SFC). A bhuí leis sin, táthar in ann iarratais faoin Rialachán maidir

[4]IO L 433I, 22.12.2020, lch. 15.
[5] IO L 29.2.2024

le CED a shimpliú, an phróiseáil a bhaineann leo a luathú agus tuarascálacha éagsúla a bhaint astu ar bhonn níos fusa. Tá comhéadan SFC ina chúnamh chun oibríochtaí airgeadais CED a éascú freisin. Áiritear leis sin go háirithe: (1) Cothabháil iarratas SFC 2014-2020 agus modúl na dtuarascálacha deiridh chun cásanna a dhúnadh do CED 2014-2020; (2) Tuilleadh forbartha ar chomhéadan CED 2021-2027 in SFC, go háirithe feidhmiúlachtaí agus coigeartuithe nua chun SFC a ailíniú le ceanglais an Rialacháin maidir le CED 2021-2027.

4. Faireachán agus bailiú sonraí: Déanfaidh an Coimisiún sonraí a bhailiú maidir le hiarratais a fuarthas, a rinneadh a chistiú agus a fhoirceannadh, agus maidir le bearta atá beartaithe agus curtha chun feidhme. Cuirfear na sonraí sin ar fáil ar an suíomh gréasáin agus tiomsófar iad i bhfoirm iomchuí le haghaidh tuarascálacha débhliantúla amach anseo.

**III. Nós imeachta**

Chun an Ciste a shlógadh, tá iarraidh curtha faoi bhráid an Údaráis Bhuiséadaigh ag an gCoimisiún chun méid iomlán EUR 165 000 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas ó chúlchiste CED (líne bhuiséid 30 04 02), agus EUR 165 000 i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a aistriú ó líne oibríochtúil CED (16 02 02), chuig líne buiséid caiteachais taca CED (16 01 01).

De réir comhaontú inmheánach laistigh den Pharlaimint, ba cheart baint a bheith ag an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus ag an gCoiste um Beartas Réigiúnach leis an bpróiseas, chun tacaíocht chuiditheach a thabhairt agus chun rannchuidiú leis an measúnú ar na hiarratais ón gCiste.

## IARSCRÍBHINN: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT

The rapporteur declares under her exclusive responsibility that she did not receive input from any entity or person to be mentioned in this Annex pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 8.4.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 23<br>–: 0<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Olivier Chastel, Andor Deli, Pascal Durand, Eider Gardiazabal Rubial, Alexandra Geese, Eero Heinäluoma, Hervé Juvin, Joachim Kuhs, Pierre Larrouturou, Margarida Marques, Siegfried Mureşan, Andrey Novakov, Eleni Stavrou, Nils Torvalds, Nils Ušakovs |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna-Michelle Asimakopoulou, Herbert Dorfmann, Jan Olbrycht |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Karolin Braunsberger-Reinhold, Petra Kammerevert, Wolfram Pirchner, Dominique Riquet, Mounir Satouri |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 23 | + |
|---|---|
| NI | Andor Deli, Hervé Juvin |
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Karolin Braunsberger-Reinhold, Herbert Dorfmann, Siegfried Mureşan, Andrey Novakov, Jan Olbrycht, Wolfram Pirchner, Eleni Stavrou |
| Renew | Olivier Chastel, Dominique Riquet, Nils Torvalds |
| S&D | Pascal Durand, Eider Gardiazabal Rubial, Eero Heinäluoma, Petra Kammerevert, Pierre Larrouturou, Margarida Marques, Nils Ušakovs |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, Alexandra Geese, Mounir Satouri |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ID | Joachim Kuhs |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh